SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 1996 44834

# GAEILGE - GNÁTHLEIBHÉAL - PÁIPÉAR I

(250 marc)

DÉ LUAIN, 10 MEITHEAMH - MAIDIN, 9.30 go dtí 12.00

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)

Gach ceist (1, 2 *agus* 3) a fhreagairt.

1 Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo. [120 marc]

## A

Scríobh **giota leanúnach** (leathleathanach nó mar sin) ar **cheann amháin** de na hábhair seo:-

(i) Is fearr liom cónaí sa bhaile mór (nó Is fearr liom cónaí faoin tuath).
(ii) Scrúduithe.
(iii) An domhan álainn seo. (60 marc)

## B

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeidh ceann de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar *thús* leis.

(i) "Is cuimhin liom go maith an mhaidin úd. Bhí veain le RTÉ taobh amuigh den scoil ......."

nó

(ii) "Bhí sé ag éirí dorcha nuair a tháinig an traein isteach sa stáisiún ......."

(60 marc)

## C

(i) Tá post samhraidh agat féin in ollmhargadh. Tá post eile le fáil ann. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat faoi sin.

nó

(ii) Bhí fógra faoi chomórtas sa nuachtán *Anois*. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig an eagarthóir chun gach eolas faoin gcomórtas a fháil. (60 marc)

## D

(i) Tá suim mhór agat féin sa sacar, ach níl aon suim ag cara leat ann. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh eadraibh.

nó

(ii) Ba mhaith le do mháthair dul ar saoire in Éirinn an samhradh seo, ach b'fhearr leatsa dul ar saoire thar lear. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh eadraibh. (60 marc)

**2.** Freagair **A** *agus* **B** anseo. [30 marc]

**A** (20 marc)

Athscríobh na giotaí thíos ag tosú le "Dúirt Seán lena mháthair" <u>nó</u> le "Dúirt a mháthair le Seán" de réir mar a oireann.

(i) "Síleann Máire go ndéanfaidh mé an obair bhaile di," arsa Seán lena mháthair.

(ii) "Ná bac léi," arsa a mháthair le Seán, "ach lig di féin an obair bhaile a dhéanamh."

(iii) "Abair le Máire go dteastaíonn uaim labhairt léi, " arsa a mháthair le Seán.

**B** (10 marc)

Athscríobh na habairtí seo thíos agus cuir focal (*nó* focail) a oireann sa bhearna i ngach cás.

(i) Bhain an scéala a bhí sa litir geit ________ Tomás.

(ii) Cén sórt ________ a dhéanann d'athair ?

(iii) Cén tslí bheatha ________ leat ?

(iv) Cathain ________ tú go dtí an phictiúrlann ?

(v) ________ mé leadóg le mo dheartháir.

---

**3.** Freagair **A** *agus* **B** anseo. [100 marc]

**A** (50 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad a ghabhann leis.


# ARMÁID NA FRAINCE GO BÁ BHEANNTRAÍ !

**Nuair a bhí mé i mBeanntraí i gContae Chorcaí an samhradh seo caite thug mé faoi deara gurbh é ainm a bhí ar an gcearnóg i lár an bhaile ná Cearnóg Wolfe Tone.** B'ionadh liom é sin go dtí gur thug mé cuairt ar Theach Bheanntraí agus ar an taispeántas stairiúil atá ar siúl ann. San áit sin fuair mé an t-eolas a bhí uaim. Fuair mé amach go raibh baint ag **Wolfe Tone** tráth leis an gcuid sin den tír.

Dhá chéad bliain ó shin - sa bhliain 1796 - bhí **Wolfe Tone** sa Fhrainc. I Mí na Nollag an bhliain sin sheol Armáid Fhrancach ó *Brest* chun cabhrú le **Tone** saoirse a bhaint amach d'Éirinn. Bhí beagnach caoga long chogaidh san Armáid agus beagnach 15,000 saighdiúir á n-iompar acu. Bhí **Wolfe Tone** é féin in éineacht leo. Sular shroich siad cósta Chorcaí d'éirigh an aimsir an-stoirmiúil. Sheol cuid den chabhlach isteach i mBá Bheanntraí, ach lean an stoirm chomh fíochmhar sin gurbh éigean do na longa aghaidh a thabhairt ar an bhFrainc arís. D'inis **Tone** ina dhialann faoin díomá a bhí air radharc a bheith aige ar chósta na hÉireann ach gan bheith ar a chumas dul i dtír ann.



**● WOLFE TONE**



**● TEACH BHEANNTRAÍ**

Rinne an stoirm an oiread sin damáiste do cheann de na longa, *La Surveillante*, nach raibh sí ábalta an t-aistear ar ais a dhéanamh. Lig na Francaigh uisce isteach inti, agus chuir siad go tóin na farraige í in aice le hOileán Faoide i mBá Bheanntraí. Tá sí ina luí ansin le dhá chéad bliain. Sa bhliain 1982 d'aimsigh tumadóir í céad troigh faoin uisce. Go luath ina dhiaidh sin cuireadh plean le chéile chun í a thógáil ón bhfarraige agus a chaomhnú. Cheana féin tá gunna mór agus fíonbhuidéal agus earraí eile a tógadh as *La Surveillante* le feiceáil i "Taispeántas na hArmáide Francaí 1796" i dTeach Bheanntraí.

B'fhéidir lá éigin go dtabharfaidh mé cuairt chomh maith ar an Músaem Mara i nDún Laoghaire. Tá bád ansin ba mhaith liom a fheiceáil, bád a bhí i dTeach Bheanntraí go dtí an bhliain 1944. "Bád Fada Bheanntraí" a thugtar uirthi. Ar Oileán Bhéarra i mBá Bheanntraí a fuarthas i dtosach í, agus b'as ceann de longa na hArmáide í.

(i) Cén t-eolas a theastaigh ón scríbhneoir a fháil ? (8 marc)

(ii) Cén fáth a raibh díomá ar **Wolfe Tone** ? (8 marc)

(iii) Cén fáth ar chuir na Francaigh *La Surveillante* go tóin na farraige ? (8 marc)

(iv) Cá bhfuil an taispeántas stairiúil ar siúl ? Cén t-ainm atá ar an taispeántas ? (8 marc)

(v) Luaigh dhá phointe eolais as an sliocht faoi "Bhád Fada Bheanntraí". (8 marc)


(vi) Mínigh go cruinn i d'fhocail féin **gach ceann** de na focail/leaganacha a bhfuil líne fúthu sa sliocht.

(10 marc)

**B** (50 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

# PICTIÚIR DEN SRÁIDBHAILE !



● **Teachín ceann tuí in Éirinn**

Nuair a tosaíodh ar Ealaín a mhúineadh i halla an tsráidbhaile bhí a fhios agam gur rud é seo a thabharfadh sásamh dom, mar bhí mian gan sásamh i mo chroí. Ba mhian liom i gcónaí i mo chroí istigh bheith i m'ealaíontóir. Ní ealaíontóir cáiliúil, ach ealaíontóir a bheadh in ann pictiúir ab fhéidir a aithint a chur ar chanbhás. Duine lách spreagúil ba ea an múinteoir Ealaíne a bhí againn. Is é an mana a bhí aici: "Is féidir leat, má chreideann tú gur féidir leat." Thaitin an mana sin go mór liom féin. Níor thaitin mo chuid iarrachtaí péinteála, áfach, le haon duine i mo theach. Ba é an chéad iarracht a rinne mé pictiúr a phéinteáil den seanchaisleán áitiúil atá ar bhruach na habhann. Nuair a d'fhiafraigh mac liom díom, "Cad is dóigh leat féin atá sa phictiúr sin ?", bhí a fhios agam go raibh teipthe ar an iarracht sin ar chuma éigin.

Chomh maith leis an rang seachtainiúil sa halla, chaith mé a lán ama sa bhaile ag iarraidh an fonn péinteála a bhí orm a shásamh. Rinne mé mo chuid oibre san áiléar i mbarr an tí. Bhí níos mó solais ann, agus ní raibh aon bhaol ann go mbeadh daoine ag lochtú mo chuid oibre. Nuair a bhaineann tú taitneamh as rud is fusa é a dhéanamh, agus de réir a chéile tháinig feabhas ar mo chuid pictiúr. Thíos staighre sa chistin bhí an teaghlach sásta a dtuairim a thabhairt nuair a chuir mé mo chuid iarrachtaí ar bharr an chuisneora. Bhí tréith amháin i mo pháistí go léir, agus uaireanta shíl mé gur locht orthu é, go raibh siad ró-mhacánta. Thug siad a dtuairim uathu go ró-lom ró-dhíreach.

Sa rang péinteála phléamar ár gcuid smaointe lena chéile. Faoi dheireadh, shocraíomar go gcuirfimis ár gcuid pictiúr ar taispeáint. Rinne duine amháin den ghrúpa an halla a mhaisiú le bláthanna, agus nuair a shocraíomar na pictiúir ar na ballaí bhí an radharc an-dathannach ar fad. Tháinig muintir an pharóiste chun breathnú ar na radhairc den sráidbhaile a bhí péinteáilte againn. Sheas seanfhear amháin os comhair pictiúir de theachín ceann tuí a raibh lipéad £50 air. "Dar fia," ar seisean, "ba dheacair é sin a shárú - pictiúr de mo theachín féin a phéinteáil agus a iarraidh orm £50 a íoc as é a thabhairt abhaile chun féachaint air." Is mise a phéinteáil an pictiúr sin, agus chuir caint an tseanfhir aoibhneas ar mo chroí.

(i) Cén mhian gan sásamh a bhí ar an scríbhneoir ? (8 marc)

(ii) Luaigh dhá phointe faoin gcéad phictiúr a phéinteáil sí. (8 marc)

(iii) Cén fáth gur san áiléar a rinne sí a cuid péinteála ? (8 marc)

(iv) Cén locht a shíl sí a bhí ar a cuid páistí ? (8 marc)

(v) Cén fáth, dar leat, ar chuir caint an tseanfhir aoibhneas ar a croí ? (8 marc)

(vi) Mínigh go cruinn i d'fhocail féin **gach ceann** de na focail/leaganacha a bhfuil líne fúthu sa sliocht.

(10 marc)